

Tuarascáil

Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

(Ceantar Chathair na Gaillimhe,
Bhaile Átha an Rí agus Mhaigh
Cuilinn)

Measúnú Cuí
Tuarascáil Scagtha



Ár n-uisce a chosaint don todhchaí

Má tá ceist ar bith agat déan teagmháil linn:

Sonraí teagmhála

Suíomh Gréasáin:
www.water.ie

Twitter:
@IWCare

Uisce Éireann
Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe
1 Páirc Ghnó na Gaillimhe
Bóthar Uachtarach an Chaisleáin Nua, An Daingean, Gaillimh
H91 A3EF

Eolas cuntais nó fiosruithe cuntais

9am–5.30pm, Luan–Aoine

Guthán:
0818 778 778 nó **+353 1 707 2827**

ITRS:
1800 378 378 (do dhaoine faoi allaíre)

Fiosruithe soláthair uisce agus cásanna éigeandála

24 uair an chloig, 7 lá na seachtaine

Guthán:
0818 778 778 nó **+353 1 707 2827**

ITRS:
1800 378 378 (do dhaoine faoi allaíre)

Tá an foilseachán seo ar fáil i bhformáid Braille, i bhformáid fuaime ar CD agus i bhformáid cló mhóir ar iarratas. Glaoigh ar an uimhir **1800 278 278**.

Tá an tuarascáil seo ullmhaithe ag an Ryan Hanley Stantec Joint Venture (“Ryan Hanley Stantec”) thar ceann a chliant a bhfuil an tuarascáil seo á cur faoina bhráid (‘an Cliant’) i ndáil leis an tionscadal a bhfuil cur síos déanta uirthi sa tuarascáil seo agus cuirtear san áireamh inti treoracha agus riachtanais ar leith an Chliant. Ullmhaíodh an tuarascáil seo de réir an cheapacháin seirbhísí gairmiúla faoinar cheap a Chliant Ryan Hanley agus Stantec. Níl sé beartaithe go mbeadh an tuarascáil seo dírithe ar aon tríú páirtí agus go mbeadh aon tríú páirtí ag brath uirthi (i.e. páirtithe seachas an Cliant). Ní ghlacann Ryan Hanley Stantec JV le haon dualgas ná le haon fhreagracht (lena n-áirítear faillí) i ndáil le haon pháirtí seachas an Cliant agus séanann sé gach dliteanas d’aon chineál d’aon pháirtí dá leithéid i ndáil leis an tuarascáil seo.



Clár Ábhar

CLÁR ÁBHAR	1
1. RÉAMHRÁ	3
1.1 Téarmaíocht.....	4
1.2 Aidhmeanna na tuarascála seo	4
1.3 Comhthéacs Reachtúil	4
1.4 Forluí le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST)	6
1.5 Dearbhú Cáilíochta.....	7
1.6 Comhairliúchán	7
2. FORBAIRT SFG	8
2.1 Scóip SFG.....	8
2.2 Cuspóirí SFG	8
2.3 Scála Tíreolaíochta SFG	8
2.4 Scála ama	9
2.5 Éifeachtaí Trasteorann	9
2.6 Roghanna agus Forbairt Straitéise	9
2.7 Scagadh Garbh	10
2.8 Breithniú ar Shuíomhanna Eorpacha.....	11
3. MODHEOLAÍOCHT	12
3.1 Céimeanna an Mheasúnaithe Chuí (MC).....	12
3.2 Cuir chuige MC i ndáil le SFG	13
3.3 Treirdhoiciméid a bhaineann le MC	14
3.4 Treoirphrionsabail agus Cásdlí	15
3.5 Sainaithint Suíomhanna Eorpacha	15
4. SCAGADH	19
4.1 Scagadh.....	19
4.2 An bhfuil SFG díolmhaithe ó mheasúnú?.....	19
4.3 Cur Síos ar SFG	19
4.4 Sainaithint Suíomhanna Eorpacha laistigh de SFG	19
4.5 Measúnú ar Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla (ÉSDanna).....	20
4.6 Sainaithint na suíomhanna Eorpacha agus LCanna ábhartha	25
4.7 Éifeachtaí i gComhar	40
5. CONCLÚID AN SCAGTHA	43
6. TAGAIRTÍ	44

AGUISÍN A – LIOSTA IOMLÁN NA LÁITHREÁN AGUS NA N-AINMNIÚCHÁN EORPACH A BREITHNÍODH, LE CINNEADH AN SCAGTHA	48
AGUISÍN B – BAGAIRTÍ AGUS BRÚNNA A BHAINNEANN LE (11) LÁITHREÁN EORPACHA LAISTIGH DEN LIMISTÉAR STAIDÉIR; IAD SIÚD A ROINNEANN FO-DHOBHARCHEANTAIR LEIS; NÓ ATÁ CEANGAILTE GO DLÚTH LEIS AN BHFARRAIGE (FÉACH LÉARSCÁIL AGUISÍN A).....	74
AGUISÍN C – TÁBLA SCAGTHA – LÁITHREÁIN EORPACHA ATÁ NASCTHA GO DÍREACH MAR LAISTIGH DE LIMISTÉAR SFG NÓ A ROINNEANN FO-DHOBHARCHEANTAR TRASNAITHEACH NÓ DOBHARLACH MUIRÍ (11 LÁITHREÁN)	88



1. Réamhrá

Mar thoradh ar rath eacnamaíoch Cheantar Cathrach na Gaillimhe (GMA) agus na gceantar máguaird faoin Straitéis Spáis Náisiúnta, tá fás an-suntasach tagtha ar na ceantair sin. Mar thoradh ar an bhfás seo, tá dúshlán roimh an mbonneagar fuíolluisce coinneáil suas leis an éileamh méadaithe ar thalamh nua seirbhísithe le haghaidh tithíochta, forbairt tráchtála agus tionscail. Dá réir sin, cheap Uisce Éireann Ryan Hanley Stantec (RHS) chun straitéis draenála fuíolluisce a ullmhú agus a sheachadadh do na ceantair seo, dá ngairtear Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (GWS) anseo feasta. Cuimsíonn limistéar staidéir an GWS Ceantar Cathrach na Gaillimhe, Baile Átha an Rí agus Maigh Cuilinn (**Fíor 1.1**).

Ar an 1 Eanáir 2014, tríd an Acht Seirbhísí Uisce (Uimh. 1) 2013, ghlac Uisce Éireann (Irish Water mar a tugadh air ag an am) chuige féin freagracht reachtúil maidir le soláthar seirbhísí poiblí uisce agus bainistíocht infheistíochta uisce agus fuíolluisce. Tá sé de fhreagracht ar Uisce Éireann a chinntiú go bhfaigheann a chuid custaiméirí ar fad (teaghlaigh agus gnónna) soláthar uisce atá sábháilte agus ar féidir brath air, agus go mbailítear a bhfuíolluisce, go ndéantar é a chóireáil mar is cuí agus go gcuirtear ar ais sa timpeallacht é.

Is léir go bhfuil gá le measúnú iomlánaíoch draenála don Limistéar Staidéir ó na réamh-mheastacháin ardfháis, ó na dúshláin chomhlíontachta a bhaineann le cuid de na gléasraí cóireála fuíolluisce (WWTPanna) agus de na líonraí séarachais, agus ó na ceanglais maidir le hacmhainneacht cóireála fuíolluisce chun freastal ar ualaí fuíolluisce atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus chun aghaidh a thabhairt ar bhrúnna gaolmhara ar cháilíocht na n-uiscí glactha.

I ndeireadh na dála, is é aidhm SFG tionscadail straitéise draenála fuíolluisce inbhuanaithe a shainiú do limistéar staidéir atá ag fás, idir seo agus 2080, agus chun a bhunú cibé acu atá nó nach bhfuil éifeachtaí suntasacha dóchúla ag baint le sineirge pleananna agus tionscadal, i dteannta le sainiú díbhuntáistí, lámháltas fáis agus forbairt moltaí chun déileáil le torthaí. Ceanglaíonn seachadadh straitéis fuíolluisce inbhuanaithe, chomhtháite do Mhórchéantar na Gaillimhe cur chuige straitéiseach i ndáil le pleanáil bonneagair fuíolluisce a gcuimsítear inti riachtanais páirtithe leasmhara, a thacaíonn le fás eacnamaíoch, a cheadaíonn don athrú aeráide agus a fhreastalaíonn ar éileamh daonra atá ag fás. Ní mór go mbeadh straitéis fuíolluisce inbhuanaithe comhsheasmhach le hoibleagáidí reachtúla agus le tiománaithe rialála atá deartha chun cuspóirí comhshaoil náisiúnta agus idirnáisiúnta a chomhlíonadh e.g., an Chreat-Treoir Uisce (CTU) agus an Treoir maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh (TCFUU), agus na treoracha sin a bhfuil sé mar aidhm leo déileáil le tionchair an athraithe aeráide.

Tá Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (SFG) faoi réir Threoir an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta (Treoir MST), Treoir 2001/42/CE ón gComhairle, na Treorach maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle) agus na Treorach maidir le Gnáthóga (Treoir 92/43/CEE ón gComhairle). Ceanglaítear Tuarascáil Scagtha an Mheasúnaithe Chuí (MC) seo faoin Treoir maidir le Gnáthóga agus faoin Treoir maidir le hÉin agus ullmhaíodh í de réir Thuarascáil Scoipe tionlacain an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta (MST).



Figure 1-1: Limistéar Staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe

1.1 Téarmaíocht

Chun amhras a sheachaint, úsáidfean an téarmaíocht seo a leanas i rith na tuarascála:

- An Plean: na hoibreacha a bhaineann le chur chun feidhme agus le hoibriú SFG; agus
- Suíomhanna Eorpacha: Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA).

1.2 Aidhmeanna na tuarascála seo

Forálann Treoir 92/43/CEE an AE maidir le Gnáthóga (an Treoir maidir le Gnáthóga) agus an Treoir maidir le hÉin (Treoir 2009/147/CE ón gComhairle) cosaint dlí do ghnáthóga agus do speicis lena mbaineann tábhacht Eorpach. Cosnaíonn an Treoir maidir le gnáthóga agus speicis lena mbaineann leas pobail trí bhunú agus caomhnú líonra suíomhanna ar fud na hEorpa, ar a dtugtar líonra Natura 2000 (ar a dtugtar suíomhanna Eorpacha anseo ina dhiaidh seo). Cuimsítear i suíomhanna Eorpacha Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA).

Tá faisnéis le fáil sa tuarascáil seo a thacaíonn le Scagadh do Mheasúnú Cuí (MC) SFG de réir cheanglais Airteagal 6(3) de Threoir an AE maidir le Gnáthóga. Déantar measúnú inti ar an bpoitéinseal a bhaineann le “éifeachtaí suntasacha dóchúla” (ÉSDanna) ag suíomh(anna) Eorpacha laistigh de Chrios Tionchair straitéis SFG (Tionscadal a bhaineann le cuspóirí caomhantais gach suíomh).

1.3 Comhthéacs Reachtúil

1.3.1. Bunreachtáíocht

Tá an Treoir maidir le Gnáthóga trasuite i ndlí na hÉireann ag an Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú) agus ag Rialacháin na gComhphobal Eorpach (Gnáthóga Éan agus Nádúrtha), 2011 (I.R. 477/2011) (ar a

dtugtar na Rialacháin maidir le Gnáthóga, 2011 anseo ina dhiaidh seo). Leagtar amach in Airteagal 6(3) agus in Airteagal 6(4) den Treoir maidir le Gnáthóga na tástála cinnteoireachta do phleananna agus do thionscadail ar dócha go mbeidh tionchar acu ar shuíomhanna Eorpacha.

Bunaítear an ceanglas seo a leanas maidir le MC in Airteagal 6(3):

“Beidh aon phlean nó aon tionscadal nach bhfuil baint dhíreach aige le nó nach bhfuil nasctha go díreach le nó riachtanach chun Suíomh Eorpach a bhainistiú, ach ar dócha go mbeidh éifeacht shuntasach aige air, ar bhonn aonair nó i dteannta le pleananna agus le tionscadail eile, faoi réir measúnaithe cuí ar a impleachtaí don suíomh i bhfianaise chuspóirí caomhantais an tsuímh. I bhfianaise chonclúidí an mheasúnaithe ar na himpleachtaí don suíomh agus faoi réir fhorálacha mhír 4, comhaontóidh na húdaráis inniúla náisiúnta ar an bplean nó ar an tionscadal i ndiaidh cinneadh a dhéanamh nach mbeidh tionchar díobhálach aige ar shláine an tsuímh ábhartha agus, más cuí, i ndiaidh thuairim an phobail i gcoitinne a fháil.”

Sonraítear an méid seo a leanas in Airteagal 6(4):

“Más rud é, d’ainneoin measúnaithe dhiúltaigh ar na himpleachtaí don Suíomh Eorpach, agus in éagmais réiteach malartach, nach mór, dá ainneoin sin, plean nó tionscadal a chur i dtoll a chéile ar chúiseanna dianriachtanacha leasa phoiblí sháraithigh, lena n-áirítear cúiseanna sóisialta nó eacnamaíocha, déanfaidh Ballstáit gach beart cúiteach is gá chun a chinntiú go bhfuil comhtháthú foriomlán líonra Natura 2000 cosanta. Roinnfidh sé faisnéis maidir leis na bearta cúiteacha ar glacadh leo leis an gCoimisiún.”

Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 177U(1) den Acht:

“Déanfaidh an t-údarás inniúil scagadh do mheasúnú cuí ar dhréachtphlean Talamhúsáide nó ar iarratas ar thoiliú d’fhorbairt bheartaithe chun measúnú a dhéanamh, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr, ar cibé acu an dócha nó nach dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bplean Talamhúsáide sin nó ag forbairt bheartaithe, ina n-aonar nó i dteannta le plean nó tionscadal eile ar an suíomh Eorpach.”

Sonraítear an méid seo a leanas in Alt 177(4) den Acht:

“Cinnfidh an t-údarás inniúil go bhfuil gá le measúnú cuí ar dhréachtphlean Talamhúsáide nó ar fhorbairt bheartaithe, de réir mar a bheidh, mura féidir a leithéid a eisiáimh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an dréachtphlean Talamhúsáide sin nó ag forbairt bheartaithe, ina n-aonar nó i dteannta le plean nó le tionscadail eile ar an suíomh Eorpach.”

Sa chás go bhfuiltear ag súil le héifeachtaí suntasacha dóchúla ar Shuíomh(anna) Eorpach(a), nó nach féidir a leithéid a eisiáimh, is é an tÚdarás Inniúil atá freagrach as ‘Measúnú Cuí’ a dhéanamh faoi Airteagal 6(3) den Treoir maidir le Gnáthóga, bunaithe ar Ráiteas Tionchair Natura (RTN) chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an mbeadh nó nach mbeadh tionchar díobhálach ag an bplean nó ag an tionscadal beartaithe ar shuíomh Eorpach i bhfianaise a Chuspóirí Caomhantais.

1.3.2. Údaráis Áitiúla agus Measúnú Cuí

Tá dualgais údarás poiblí i ndáil le caomhnú an dúlra leagtha amach go príomha in Airteagal 27 de na Rialacháin maidir le Gnáthóga, 2011. Tá Uisce Éireann á shainiú mar ‘údarás poiblí’ chun críocha Rialacháin 2011.

Is í an chéad chéim den phróiseas MC scagadh a dhéanamh chun a fháil amach, i ndáil le plean nó le tionscadal ar leith, cibé acu atá nó nach bhfuil poitéinseal ag baint le ÉSDanna ag aon suíomh(anna) Eorpach(a). Go sonrach, sonraítear an méid seo a leanas i Rialachán 42(1):

“Faoi réir Rialachán 42A, déanfaidh an t-údarás inniúil Scagadh do Mheasúnú Cuí ar phlean nó ar thionscadal a bhfaightear iarratas ar thoiliú lena aghaidh, nó ar mian le húdarás poiblí a dhéanamh nó glacadh leis, agus nach

bhfuil nasctha go díreach le nó riachtanach do bhainistíocht an tsuímh mar shuíomh Eorpach, i bhfianaise an eolais eolaíochta is fearr agus i bhfianaise chuspóirí caomhantais an tsuímh, más dócha go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bplean nó ag an tionscadal sin, ina n-aonar nó i dteannta le pleananna nó le tionscadail eile ar an suíomh Eorpach.”

Baineann Rialachán 42A le staideanna inarb é an tAire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreacht an duine atá freagrach as an bplean nó as an tionscadal ábhartha a dhéanamh nó glacadh leis, rud a chiallaíonn nach bhfuil sé infheidhme i ndáil le SFG.

Sonraítear an méid seo a leanas i Rialachán 42(6):

“Cinnfidh an t-údarás poiblí go bhfuil gá le Measúnú Cuí ar phlean nó ar thionscadal sa chás nach bhfuil an plean nó an tionscadal nasctha go díreach le nó riachtanach do bhainistíocht an tsuímh mar shuíomh Eorpach agus mura féidir a leithéid a eisiamh, ar bhonn faisnéise oibiachtúla i ndiaidh scagadh a dhéanamh faoin Rialachán seo, go mbeidh éifeacht shuntasach ag an bplean nó ag an tionscadal, ina n-aonar nó i dteannta le pleananna nó le tionscadail eile ar shuíomh Eorpach.”

Nuair a bheidh an Measúnú Cuí iomlán á dhéanamh, ceanglaíonn Rialacháin maidir le Gnáthóga 2011 ar Uisce Éireann an méid seo a leanas a chur san áireamh:

- An RTN;
- Aon phlean nó tionscadal eile a d'fhéadfadh, i dteannta leis an bplean nó leis an tionscadal atá á bhreithniú, tionchar díobhálach a bheith aige ar shláine suímh Eorpaigh;
- Aon fhaisnéis fhorlíontach a chuirtear ar fáil i ndáil le haon tuarascáil nó ráiteas dá leithéid;
- Más cuí, aon fhaisnéis bhreise a chuirtear ar fáil i ndáil le RTN;
- Aon fhaisnéis nó aon chomhairle faighte ag Uisce Éireann;
- Más cuí, aon aighneacht nó breathnóireacht i scríbhinn curtha faoi bhráid Uisce Éireann, i ndáil leis an iarratas ar thoiliú do SFG; agus
- Aon fhaisnéis ábhartha eile.

I ndiaidh an Phróisis Mheasúnaithe, ní féidir le Uisce Éireannach ach glacadh le SFG i ndiaidh cinneadh a dhéanamh nach mbeidh tionchar díobhálach ag SFG ar shláine aon suímh Eorpaigh/suíomhanna Eorpacha.

1.4 Forluí le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST)

Is Measúnú Straitéiseach Timpeallachta (MST) ar SFG á dhéanamh ag am céanna leis an bpróiseas MC. Ceanglaítear MST a dhéanamh faoi Threoir AE 2001/42/CE ón gComhairle maidir le héifeachtaí Pleananna agus Clár Áirithe ar an Timpeallacht (Treoir MST) agus trasuitear iad inár reachtaíocht náisiúnta trí rialacháin. Is é cuspóir MST údaráis déanta pleananna a chumasú chun breithniúcháin timpeallachta a áireamh sa phróiseas cinnteoireachta ag céim luath agus ar bhealach comhtháite i rith an phróisis déanta pleananna agus chun an méid seo a leanas a dhéanamh:

- Na héifeachtaí timpeallachta suntasacha a d'fhéadfaí a lua le cur chun feidhme SFG a shainaitheint, a mheas agus cur síos a dhéanamh orthu;
- A chinntiú go bhfuil eolas maidir le héifeachtaí suntasacha sainaitheanta á roinnt le daoine, go bhfuil siad á maolú agus go bhfuil monatóireacht á déanamh ar éifeachtacht an mhaolaithe;

- Éifeachtaí tairbheacha (agus neodracha) a shainaithint, agus a chinntiú go bhfuil eolas maidir leo á roinnt; agus
- Deis a thabhairt do rannpháirtíocht páirtithe leasmhara agus an phobail.

Tá forluí áirithe idir ceanglais MST agus MC agus, de réir dea-chleachtais, tá agus beidh próiseas comhtháite in úsáid nuair a bheidh SFG, MST agus MC á bhforbairt, cosúil le sonraí bonnlíne a roinnt más cuí, measúnú comhtháite ar na héifeachtaí éiceolaíocha a d'fhéadfadh a bheith ag SFG ar shuíomhanna Eorpacha, a ngnéithe cáilitheacha agus soiléiriú maidir le tuilleadh gnéithe teicniúla de SFG. I dteannta a chéile beidh na próisis seo mar bhonn le agus múnlóidh siad forbairt SFG.

Eiseofar Tuarascáil Scagtha MC i dteannta le Tuarascáil Scóipe MST. Eiseofar Tuarascáil Scagtha MC i dteannta le Tuarascáil Scóipe MST.

Déanfar aiseolas a fhaightear ó Thuarascáil Scagtha MC agus ó Thuarascáil Scóipe MST a athbhreithniú agus a chur san áireamh nuair a bhíonn na dréachtleananacha de SFG, Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN á n-ullmhú.

Mar chuid den dara céim den chomhairliúchán, eagróidh Uisce Éireann comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtleanan den SFG i dteannta le Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN in 2025.

1.5 Dearbhú Cáilíochta

Cuireadh Tuarascáil Scagtha Chéim 1 do Mheasúnú Cuí i gcrích, rinneadh athbhreithniú uirthi agus d'údaraigh éiceolaithe a bhfuil neart taithí acu í, éiceolaithe atá cleamhnaithe leis an Institiúid Chairte um Bainistíocht Éiceolaíochta agus Timpeallachta (CIEEM).

1.6 Comhairliúchán

Is ceanglas éigeantach i bpróiseas MST é comhairliúchán agus déantar tagairt shonrach do fhreagairtí sa phróiseas MC go minic. Forbrófar CUP nua a bheidh dhá chéim den chomhairliúchán curtha i gcrích. De réir Airteagal 9 (5) de Rialachán MST (I.R. Uimh. 435 de 2004 arna leasú ag I.R. 200 de 2011), cuimseofar sa chéad chomhairliúchán Tuarascáil Scóipe MST a bheidh á heisiúint do na Gníomhaireachtaí Comhshaoil reachtúla seo a leanas:

- An Ghníomhaireacht um Chaomhnú Comhshaoil (GCC);
- An Roinn Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta (RTRÁO);
- An Roinn Comhshaoil, Aeráide agus Cumarsáide (RCAC);
- agus an Roinn Talmhaíochta, Bia agus Mara (RTBM).

Eiseofar Tuarascáil Scagtha MC i dteannta le Tuarascáil Scóipe MST. Eiseofar Tuarascáil Scagtha MC i dteannta le Tuarascáil Scóipe MST.

Athbhreithneofar aiseolas a fuarthas faoi Thuarascáil Scagtha MC agus faoi Thuarascáil Scóipe MST agus cuirfear san áireamh é nuair a bheidh na dréachtleananacha den CUP, de Thuarascáil Timpeallachta MST agus de RTN á n-ullmhú.

Mar chuid den dara céim den chomhairliúchán, eagróidh Uisce Éireann comhairliúchán poiblí maidir leis an dréachtleanan den SFG i dteannta le Tuarascáil Timpeallachta MST agus RTN in 2025.

2. Forbairt SFG

2.1 Scóip SFG

Is straitéis leibhéal réigiúnaigh í SFG ina sainithnítear na réitigh atá riachtanach chun soláthar córas agus bonneagair draenála fuíolluisce do Limistéar Staidéir SFG a éascú idir an lá atá inniu ann agus an bhliain 2080. Forbrófar na réitigh sainaitheanta chun cuntas a dhéanamh ar an athrú aeráide agus chun tacú le fás eacnamaíoch/ daonra gan a bheith mar bhonn le tionchair dhíobhálacha ar an timpeallacht. Cuimseofar i SFG réitigh mheántéarmacha agus fhadtéarmacha a shainithint chun bonneagar fuíolluisce nua a uasghrádú agus a fhorbairt idir seo agus 2080.

2.2 Cuspóirí SFG

Áirítear ar phríomhchuspóirí SFG:

- Straitéis draenála fuíolluisce inbhuanaithe a fhorbairt do Mhórchéantar Staidéir na Gaillimhe a bheidh comhsheasmhach le Creat-Treoir Uisce an AE (CTU) agus leis na Rialacháin maidir le Cóireáil Fuíolluisce Uirbigh.
- Cur síos a dhéanamh ar na ceanglais a bhaineann le draenáil agus le cóireáil fuíolluisce atá in ann freastal ar éilimh cheantar an staidéir i gcomhthéacs na bPleananna Forbartha reatha, An Creat Náisiúnta Pleanála, RSES 2020 – 2032 do Réigiún an Tuaiscirt agus an Iarthair, agus phoitéinseal forbartha fhadtéarmaí an cheantair suas go dtí 2080.
- Réitigh mhalartacha a shainithint do bhainistiú éifeachtach fuíolluisce chun an timpeallacht a chosaint agus a fheabhsú, chun tacú le fás sóisialta agus eacnamaíoch a bheidh ailínithe le pleananna agus straitéisí eile Uisce Éireann lena n-áirítear an Plean Náisiúnta um Bainistiú Sloda Fuíolluisce (NWWSP) agus an Plean Réigiúnach Acmhainní Uisce (RWRP) Thuaidh – Thiar.
- Réitigh mhalartacha a mheas agus na réitigh draenála fuíolluisce is fearr a shainithint ag féachaint do chostas saolré agus d'fheidhmíocht chomhshaoil.
- Clár seachadta don straitéis a fhorbairt ina sainithnítear tionscadail aonair agus amlínite chun moltaí SFG a chur chun feidhme, agus chun tosaíocht a thabhairt do thionscadail cur chun feidhme dá leithéid.
- Straitéis inoiriúnaithe a fhorbairt ina bhfuiltear ag súil go mbeidh torthaí a bhfuiltear ag súil leo nasctha le tionchair luaineacha cosúil leis an athrú aeráide agus le hathrú daonra agus ina ndeimhnítear go dtacóidh an straitéis le táscairí agus le torthaí ar íoschostas.

2.3 Scála Tíreolaíochta SFG

Tá ceantar staidéir SFG le fáil i **Fíor 3-1**, agus san áireamh ann tá Ceantar Cathrach na Gaillimhe (CCG), agus tá an teorainn ag síneadh chomh fada le Baile Átha an Rí, Baile Chláir agus Maigh Cuilinn. Ina theannta sin, tá tionchair ó roinnt lonnaithe/ ceirtleán (i.e. Na Forbacha, Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin agus Creachmhaoil) nach bhfuil sócmhainní Uisce Éireann ag freastal orthu faoi láthair le measúnú má eascraíonn lódáil astu amach anseo.

Tá trí dhobharchéantar san áireamh i gceantar staidéir SFG, eadhon Cuan na Gaillimhe Thuaidh (cód 31 GCC), Abhainn na Gaillimhe (cód 30 GCC) agus Cuan na Gaillimhe Thoir Theas (cód 29 GCC) agus cuimsítear ann ceithre ICF Uisce Éireann eadhon ICF Inis Caorach (ag freastal ar Chathair na Gaillimhe agus ar a purláin), ICF Bhaile Átha an Rí, ICF Mhaigh Cuilinn agus ICF Bhaile Chláir. Níl na lonnaithe eile, cosúil le Droichead an Chláirín, Cill Cholgáin, Creachmhaoil agus na Forbacha, nasctha le ICFanna nó le sócmhainní Uisce Éireann.

2.4 Scála ama

Soláthróidh SFG straitéis do bhainistíocht fuíolluisce sa limistéar staidéir sa tréimhse idir 2025 agus 2080 agus déanfar athbhreithniú rialta i bhfianaise aon athruithe suntasacha a d'fhéadfadh aon chonclúid a athrú. Tá sé beartaithe go mbeidh SFG á foilsiú in Earrach 2025, agus is é 2023 bonnbhliain an staidéir.

2.5 Éifeachtaí Trasteorann

Níl chlúdaíonn SFG ach limistéar oibríochtaí Uisce Éireann laistigh de agus mórtimpeall ar an CCG atá thart ar 100km siar ó dheas ón teorainn idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann agus, dá réir sin, ní plean trasteorann atá ann. Chomh maith leis sin, níl aon dobharcheantar CTU comhroinnte idir SFG agus Tuaisceart Éireann. Dá réir sin, ní dhéantar aon bhreithniú breise ar éifeachtaí trasteorann sa mheasúnú.

2.6 Roghanna agus Forbairt Straitéise

2.6.1. Forléargas ar roghanna

Tasc casta a bhaineann le SFG é roghanna a dhéanamh a mbeidh sé mar aidhm leo déileáil le dúshlán a bhaineann le hacmhainn hidrálach, acmhainn cóireála fuíolluisce, tuilte, comhlíonadh comhshaoil, inbhuanaitheacht etc. D'fhéadfadh réitigh mhalartacha éagsúla a bheith ann chun déileáil le gach dúshlán agus déanfar rogha deiridh bunaithe ar eolas maidir le forbairt inbhuanaithe, éifeachtúlacht fuinnimh, astaíochtaí carbóin agus costais saolré.

Tá an próiseas ginearálta maidir le Roghanna agus Roghnú Straitéise do SFG liostaithe thíos agus tá níos mó mionsonraí le fáil i [Rannóg 2.6.2 - 2.7.2](#):

- Forbairt dhéanamh ar liosta fada oscailte neamhshrianta roghanna do gach ceirtleán agus forbairt a dhéanamh ar ordlathas roghanna atá le húsáid chun roghanna neamhshrianta a rangú;
- Scagadh roghanna garbh a dhéanamh chun roghanna srianta a bhunú do gach ceirtleán agus do gach ionchas dearaidh;
- Gearrliostú roghanna a chur i gcrích trí scagadh príomhúil/ mín trí úsáid a bhaint as Measúnú Ilchritéir (MIC) ar na roghanna srianta chun gearrliosta a fhorbairt de roghanna indéanta do gach ceirtleán agus ionchas dearaidh; agus
- Roghnú agus céimniú straitéise bunaithe ar mheasúnú deiridh ar roghanna indéanta gearrliostaithe.

2.6.2. Liosta na roghanna neamhshrianta

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sna céimeanna a bhaineann leis an gcéim seo:

- Liosta neamhshrianta ginearálta a bhunú d'idirghabhálacha/ de roghanna féideartha a d'fhéadfaí a úsáid chun déileáil le fadhbanna sainaitheanta. Ní bheidh an chéad liosta miondealaithe/ saincheaptha do gach ceirtleán aonair agus ní bhreithneofar ann go mion inmharthanacht na hidirghabhála bunaithe ar chostais, scála, fadhbanna comhshaoil, praiticiúlacht, tógáil talún etc.
- Liosta fada neamhshrianta d'idirghabhálacha/ de roghanna a fhorbairt atá saincheaptha go sonrach do gach ceirtleán/ riachtanas lonnaíochta agus ionchas dearaidh. Beidh liosta idirghabhálacha difriúil ann do gach lonnaíocht/ ceirtleán agus áireofar ann roghanna cosúil le barrfheabhsú sócmhainní, uasghrádú sócmhainní, sócmhainní nua, Réitigh Dhúlra bhunaithe (RDB), CDInna etc. Cuimseofar sna liosta fada ach ní bheidh siad teoranta do:
 - Oibreacha nó Uasghrádú ar bith
 - Uasghrádú agus Barrfheabhsú Próisis Íosta
 - ICFanna Reatha a Athúsáid agus a Uasghrádú

- Roghanna Caidéalaithe Amach (i bpáirt nó go hiomlán)
- ICFanna Nua a Fhorbairt
- Píobáin Sceite a Athlonnú nó a Bhaint
- Saoráidí Cóireála Sloda a Bharrfheabhsú
- Ordalthas idirghabhála a fhorbairt atá le húsáid i ndáil leis an liosta fada neamhshrianta do gach ceirtleán.
- An liosta fada d'idirghabhálacha do gach ceirtleán a rangú trí úsáid a bhaint as an ordalthas idirghabhála atá bunaithe.

2.7 Scagadh Garbh

Cuimseofar sa scagadh garbh measúnú ar gach rogha sa liosta fada i gcomparáid le roinnt critéar chun eolas a bhailiú faoi na roghanna a bhféadfadh mórbhacainn ar fhorbairt straitéise a bheith ag baint leo.

Breithneofar go mbeidh tionchair ar Shuíomhanna Eorpacha, breithniúcháin chomhshaoil (e.g. torann, cóngarachacht do ghabhdóirí íogaire etc.), srianta spáis d'uasghrádú/ do shócmhainní nua etc. ag cuid de na critéir a bhreithneofar.

Bheadh mórbhacainn don straitéis luaite le roghanna a bhreithnítear nach bhfuil indéanta agus ní dhéanfar tuilleadh breithniúcháin ar na roghanna sin agus bunófar liosta de roghanna srianta do gach ceirtleán agus ionchas dearaidh. Tá cur síos déanta anseo thíos ar chuid de na roghanna ar dócha a bhreithneofar don liosta srianta:

- An fuíolluisce ó gach ceirteleán/ lonnaíochta a chóireáil go háitiúil.
- Atreorú cuid den fhuíolluisce bailithe ó lonnaíochtaí, nó an fuíolluisce sin ar fad a atreorú chuig príomhlíonra draenála Chathair na Gaillimhe nó chuig ICF nua.
- Atreorú cuid de na sreafaí ó líonra Chathair na Gaillimhe go dtí ICF nua.
- An bonneagar reatha a uasghrádú (e.g. stáisiúin chaidéalúcháin atá bunaithe cheana féin) nó bonneagar nua a sholáthar cosúil le stáisiún caidéalúcháin nua chun sreafaí a aistriú idir dobharcheantair agus suíomhanna líonra difriúla.
- Acmhainn ICF atá ar fáil cheana féin a bharrfheabhsú, acmhainn chóireála bhreise a chur ar fáil.
- Saoráidí cóireála sloda a bharrfheabhsú de réir straitéis sloda fuíolluisce UÉ.
- Uasghrádú píobán sceite agus FUS chun a chinntiú go bhfuil reachtaíocht comhshaoil á comhlíonadh (e.g. a chinntiú go bhfuil doirteadh FUS etc. á chomhlíonadh).
- An bonneagar a uasghrádú chun athléimneacht a fheabhsú i gcomhthéacs éigeandálaí cosúil le teip ceann amháin nó níos mó de na mórstáisiúin chaidéalúcháin, teip ar an soláthar cumhachta ag mórstáisiúin chaidéalúcháin agus ICFanna, nó teip bhonneagair chriticiúil eile.

2.7.1. Gearrliostú roghanna – Scagadh Mín

Déanfar meastóireacht ar an liosta roghanna srianta i gcomparáid le príomhchritéir agus le fo-chritéir chomhfhreagracha trí Mheasúnú Ilchritéir (MIC). Beidh na critéir a roghnófar do MIC bunaithe ar fhéidearthacht theicniúil, leas comhshaoil, leas sochaí, costas coibhneasta etc.

Trí úsáid a bhaint as MIC, forbrófar gearrliosta roghanna do gach ceirtleán agus ionchas ama chun freastal ar riachtanas an dobharcheantair.

2.7.2. Forbairt cásanna, roghnú agus céimniú straitéise

Beidh an méid seo a leanas san áireamh sa chéim seo:

- Bunófar cásanna réitigh mhalartacha do gach lonnaíocht nó ceirtleán bunaithe ar an ngearrliosta de roghanna do gach ceirtleán. D'fhéadfaí meascán de roghanna difriúla a chur san áireamh i

ngach cás chun gach riachtanas aonair a réiteach agus chun straitéis réitigh a chur ar fáil don cheirtleán iomlán (e.g. umar stórála nua chun doirteadh FUS a laghdú, ICF nua chun caighdeán an doirte eisiltigh deiridh a fheabhsú etc.). Breithneofar pleananna straitéiseacha agus réamh-mheastacháin fhadtéarmacha nuair a bheidh cinneadh á dhéanamh maidir le meascán de roghanna féideartha, agus úsáidfead cur chuige forbartha céimnithe chun úsáid acmhainní atá ar fáil cheana féin a éascú chomh fada agus is féidir.

- Nuair a bheidh na cásanna á n-ullmhú, beidh sé riachtanach tabhairt faoi roinnt mionchoigeartaithe barrfheabhsaithe agus réitigh áitiúil (e.g. tástálfaidh samhaltóirí hiodrálacha meascán difriúil de stóráil, d'uasmhéadú séaraigh agus de dheighilt uisce dromchla chun díriú ar thuilte séaraigh roimh chinneadh a dhéanamh maidir le meascán rathúil amháin nó níos mó).
- Déanfar tuilleadh measúnaithe ar na cásanna trí úsáid a bhaint as AIC. Nuair a fhorbrófar AIC cuirfead san áireamh critéir agus tosca a saináithníodh i rith na gcéimeanna roimhe sin den staidéar (e.g. aschur samhaltaithe cháilíocht an uisce, torthaí MST/ MC, aiseolas ón gcomhairliúchán poiblí, easnaimh samhaltaithe líonra etc.). Os a choinne sin, cuimseofar in AIC saintréithe na gcásanna a dhéileálann le fuinneamh in-athnuaite, éifeachtúlacht fuinnimh (go dtí cheanglais IS399), leochaileacht agus athléimneacht don athrú aeráide, dramhaíl agus an geilleagar ciorclach, buntáistí bithéagsúlachta ó réitigh dhúlra bhunaithe agus bearta folláine do bhaill foirne agus don phobal, Bunófar réiteach molta do gach ceirtleán/ lonnáiocht tríd an AIC seo a úsáid.

Bunófar clár seachadta don straitéis chun amlínthe a shaináithint do chur chun feidhme mholtaí SFG agus chun tosaíocht a thabhairt do thionscadail cur chun feidhme dá leithéid. Tá céimníú an chuir chun feidhme tábhachtach ionas gur féidir príomhshaoráidí a fhorbairt nó a uasghrádú chun freastal ar riachtanais athraitheacha trí fhás.

2.8 Breithniú ar Shuíomhanna Eorpacha

Tá forluí áirithe idir an Treoir maidir le hÉin (2009/147/CE), an Treoir maidir le Gnáthóga (92/43/CEE) agus an Chreat-Treoir Uisce (CTU) (2000/60/CE) chomh fada is a bhaineann le gnáthóga agus le speicis uisce-spleácha a chosaint. Faoin CTU, tá limistéir CTU ainmnithe chun gnáthóga nó speicis a chosaint ina nglactar le cothabháil nó le feabhsú stádas an uisce mar thoisic thábhachtach i ndáil lena gcosaint, suíomhanna Eorpach ábhartha san áireamh. Pléadh na naisc atá idir an Treoir maidir le hÉin agus an Treoir maidir le Gnáthóga agus CTU i ndoiciméad a d'fhoilsigh an Coimisiún Eorpach (2011) ina sonraítear an méid seo a leanas:


“Ní mór aon suíomh Natura 2000 ina bhfuil cineálacha gnáthóige uisce-spleácha (screamhuisce agus/nó uisce dromchla) larscríbhinn I nó speicis larscríbhinn II faoin Treoir maidir le Gnáthóga nó ina bhfuil speicis éan uisce-spleách larscríbhinn I nó speicis éan imirceach faoin Treoir maidir le hÉin, agus, áit arb ionann láithreach na speiceas nó na ngnáthóg sin agus an chúis a bhí le hainmniú an limistéir chosanta sin, a bhreithniú don chlár de limistéir chosanta faoi Airt. 6 de CTU. Achoimrítear na limistéir sin mar “shuíomhanna Natura 2000 uisce-spleácha”. Le haghaidh na suíomhanna Natura 2000 sin, tá feidhm le cuspóirí na Treorach maidir le hÉin agus na Treorach maidir le Gnáthóga”.

Dá réir sin, cuirfead stádas dobharlaigh CTU san áireamh nuair a bheidh roghanna a bhaineann le dobharlaigh CTU, cosúil le póbáin sceite, á dtiomsú agus á meas. De bhrí go bhfuil go leor suíomhanna ainmnithe Eorpacha in Éirinn uisce-spleách, d'fhéadfadh tionchar a bheith ag roghanna áirithe orthu agus, dá bhrí sin, cuirfead iad san áireamh sa phróiseas roghanna freisin.

3. Modheolaíocht

3.1 Céimeanna an Mheasúnaithe Chuí (MC)

D'fhorbair an mhodheolaíocht chun measúnú a dhéanamh i ndáil le MC ó threoir ón gCoimisiún Eorpach (2021) agus ó threoir Éireannach a chuir an iar-Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil ar fáil (2010). Tá an treoir náisiúnta ábhartha le fáil i **rannóg 3.3**. Sa treoir leagtar amach cur chuige ceithre chéim maidir le MC (á léiriú i Fíor 3-1 Próiseas Mheasúnaithe Chuí (MC) thíos). Is féidir MC a dhéanamh do Phleananna nó do Thionscadail, agus sainítear Pleananna mar “gach plean agus straitéis talamhúsáide, creata agus earnálach reachtúil agus neamhreachtúil” agus sainítear Tionscadail mar “cur i bhfeidhm oibreacha tógála nó suiteálacha nó scéimeanna eile – idirghabhálacha eile sa timpeallacht nádúrtha agus sa tírdhreach lena n-áirítear iad siúd a bhaineann le hastarraingt mianraí” (Treoir 85/337/CEE). Más rud é, ag aon chéim den phróiseas, go gcinntear nach mbeidh aon impleacht ag a leithéid ar an suíomh Eorpach i bhfianaise chuspóirí caomhantais an tsuímh, tá an próiseas críochnaithe go héifeachtach. Is iad na ceithre chéim:



Fíor 3-1 Próiseas Measúnaithe Chuí (MC).

Céim 1: Scagadh do Mheasúnú Cuí

San áireamh sa Chéim Scagtha tá cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an dócha nó nach dócha go mbeidh aon éifeacht(a) s(h)untasach(a) ag cur chun feidhme an Phlean ar aon suíomh(anna) Eorpach(a), ina aonar nó i gcomhar le pleananna agus le tionscadail eile, i bhfianaise chuspóirí caomhantais eile an tsuímh.

Céim 2: Measúnú Cuí

Má cinneadh mar thoradh ar an scagadh go bhfuil ÉDSanna ag eascairt ón bPlean/ón Tionscadal ina n-aonar nó i dteannta le pleananna agus/nó le tionscadail eile a bhaineann le suíomh(anna) Eorpach(a), déantar tuilleadh measúnaithe ar shuíomhanna Eorpacha i gcomhthéacs na n-impleachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu ar a gcuspóirí caomhantais agus déantar anailís ar Éifeachtaí Díobhálacha ar Shláine Suímh (ÉDSS). Má chinntear i ndiaidh tuilleadh anailíse agus bailithe sonraí nach mbeidh tionchar díobhálach ag an bplean/ag an tionscadal ar shláine an tsuímh Eorpaigh/na suíomhanna Eorpacha, ansin ní féidir le Measúnú Cuí Chéim 2 aon ÉDSS a chur i gcrích. Má shainaithnítear aon saincheist phoitéinsíúil do chuspóirí caomhantais an tsuímh Eorpaigh/na suíomhanna Eorpacha, áfach, ansin tá gá le maolú chun cuspóirí caomhantais an tsuímh a chosaint. Athritear an anailís ÉDSS agus breithnítear struchtúr agus feidhm na suíomhanna Eorpacha, a gcuspóirí caomhantais agus éifeachtaí ón tionscadal/ón bplean ina n-aonar agus i gcomhar le tionscadail nó le pleananna eile. Sa chás go sainaithnítear ÉDSS, moltar bearta maolaithe de réir mar is gá chun éifeachtaí díobhálacha ar shláine agus ar chuspóirí caomhantais an tsuímh Eorpaigh/na suíomhanna Eorpacha a sheachaint. Tá an fhaisnéis agus na sonraí atá mar bhonn leis an bpróiseas MC doiciméadaithe laistigh de RTN. Cuirtear an méid sin ar fáil don údarás inniúil chun cabhrú leis cinneadh MC maidir leis an bplean nó maidir leis an tionscadal a dhéanamh.

Céim 3: Réitigh Mhalartacha

I ndiaidh MC, tograí maolaithe san áireamh, más ann do ÉDSS fós, nó éiginnteacht, agus má tá sé beartaithe an tionscadal/an plean a fhorbairt, tá gá le Measúnú ar Réitigh Mhalartacha faoi fhorálacha Airteagal 6(4) den

Treoir maidir le Gnáthóga. I rith an phróisis sin scrúdaítear na réitigh mhalartacha nó na roghanna a cheadódh an Plean nó an Tionscadal a chur i gcrích gan aon éifeacht dhíobhálach ar aon suíomh(anna) Eorpach(a). Mar thoradh ar an bpróiseas seo fillfidh an measúnú ar Chéim 2 chun measúnú cuí a dhéanamh ar na réitigh mhalartacha. Má léirítear go bhfuil gach rogha mhalartach réasúnta breithnithe agus go bhfuiltear fós ag súil le tionchair dhíobhálacha ar shuíomh Eorpach, ní mór leanúint ar aghaidh chuig an gcéad chéim eile den phróiseas, nó deireadh a chur leis an tionscadal.

Céim 4: Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh (CDLPS) / Maolú

Ar an drochsheans go dteipeann ar Mheasúnú ar Réitigh Mhalartacha aon rogha mhalartach oiriúnach a shainaithint, ansin ionas gur féidir leanúint ar aghaidh le tionscadal nó le plean ní mór dó na ceanglais a bhaineann le Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithigh (CDLPS) a chomhlíonadh. Sa chás seo, ní féidir forálacha Airteagal 6(3) a chomhlíonadh agus dá bhrí sin, úsáidtear forálacha Airteagal 6(4). Más rud é, i bhfianaise mheasúnú CDLPS, go meastar gur cheart leanúint ar aghaidh leis an tionscadal nó leis an bplean, ansin cuirtear bearta cúiteacha chun feidhme chun comhleanúnachas líonra suímh Eorpaigh a chothabháil fad is atá éifeachtaí díobhálacha ann do shláine an tsuímh/na suíomhanna.

3.2 Cuir chuige MC i ndáil le SFG

Breithnítear i gcur chuige an Scagtha MC seo nádúr straitéiseach SFG agus úsáidtear faisnéis oibiachtúil chun cinneadh a dhéanamh maidir le cibé acu an mbeidh nó nach mbeidh ÉSDanna ag an SFG do shuíomhanna Eorpacha sa tslí atá mínithe i gCoimisiún na gComhphobal Eorpach v Ríocht Aontaithe na Breataine Móire agus Thuaisceart Éireann (Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, Cás C-6/04, Tuairim an Abhcóide Ghinearálta Kokott)¹ agus Waddenzee (Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh, C-127/02).

3.2.1. An próiseas MC a chur i bhfeidhm ag leibhéal plean

I gcomhthéacs Scagadh MC, nuair a bhíonn an ‘tástáil suntais’ á cur chun feidhme, tá an tástáil dírithe ar “dhóchúlacht” éifeachtaí seachas ar “chinnteacht” éifeachtaí. De réir Bhreithiúnas Waddenzee², is ionann éifeacht dhóchúlach agus éifeachtach nach féidir a chur as an áireamh bunaithe ar fhaisnéis oibiachtúil agus a bhfuil prionsabal an réamhchúraim mar bhonn leis agus an tástáil thar amhras eolaíochta réasúnta. Dá réir sin, tá leibhéal íseal socraithe ag an tástáil: ba cheart a bhreithniú gur ‘dócha’ go mbeidh éifeacht ag plean mura féidir leis an údarás inniúil (Uisce Éireann sa chás seo) (ar bhonn faisnéise oibiachtúla) an fhéidearthacht go bhféadfadh éifeachtaí suntasacha a bheith ag an bplean ar aon suíomh Eorpach a chur as an áireamh, ina aonar nó i gcomhar le pleananna nó le tionscadail eile.

Cuirtear an Tuarascáil Scagtha MC seo ar fáil ag an gcéim is túisce don obair chomhtháite chun tacú le réitigh bharrmhaithe a fhorbairt. Cuimsítear sa chuspóir bonn eolais a chur ar fáil d’fhorbairt roghanna agus moltaí chéim choincheapa Straitéis SFG agus an fhorbairt sin a threorú.

Sa chás go bhforbraítear moltaí sonracha SFG mar thionscadail, tá sé mar aidhm leis an obair seo bonn eolais a chur ar fáil do scagadh ag leibhéal tionscadail agus do Mheasúnú Cuí. Rachaidh an obair seo chun tairbhe don mheastóireacht dhomhain ar roghanna agus ar sheachaint éifeachtaí.

3.2.2. An Treoir maidir le Gnáthóga á comhlíonadh ag próiseas forbartha SFG

Sainaithnítear i SFG riachtanais i dtéarmaí cainníochta, cáilíochta agus iontaofachta, agus forbraítear modheolaíocht (Modheolaíocht Measúnaithe Roghanna) chun idirghabhálacha a fhorbairt chun déileáil leis

¹ <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A62004CC0006> (accessed April 2024)

² <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A62002CJ0127&qid=1702581659279> (rochtain: Aibreán 2024)

an riachtanas seo. Tá measúnú déanta ag an Scagadh MC do SFG, ag ardleibhéal, ar an Modheolaíocht Measúnaithe Roghanna, agus ar na cineálacha roghanna ar dócha a bheidh ag eascairt ó SFG. Sainaitnítear i SFG cineálacha roghanna a d'fhéadfaí a chur i bhfeidhm ar fud CCG. Dá réir sin, déantar measúnú sa Scagadh MC do SFG ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag SFG ar shuíomhanna Eorpacha ag scála réigiúnach laistigh de CCG.

Is fianaise é cur i bhfeidhm an chuir chuige thuasluaite go bhfuil ceanglais na Treorach maidir le Gnáthóga á gcomhlíonadh ag SFG.

3.3 Treoir dhoiciméid a bhaineann le MC

Tá ceanglais Airteagal 6 den Treoir maidir le Gnáthóga do SFG curtha i bhfeidhm de réir na dtreoir dhoiciméad seo a leanas:

- MC Pleananna agus Tionscadal in Éirinn: Treoir d'Údaráis Phleanála (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2010a);
- Scagadh Measúnaithe Chúí do Bhainistíocht Forbartha. Nóta Cleachtais PN01 ORP. (Oifig an Rialálaí Pleanála, 2021).
- Measúnú ar Phleananna agus ar Thionscadail a Bhaineann le Suíomhanna Natura 2000 – Treoir Mhodheolaíoch maidir le hAirteagal 6(3) agus le hAirteagal (4) den Treoir maidir le Gnáthóga 92/43/CEE (An Coimisiún Eorpach, 2021);
- Teachtaireacht ón gCoimisiún maidir le Prionsabal an Réamhchúraim (An Coimisiún Eorpach, 2000);
- Treoir dhoiciméad maidir le hAirteagal 6(4) den 'Treoir maidir le Gnáthóga' 92/43/CEE. Soiléiriú maidir leis na coincheapa seo a leanas: Réitigh Mhalartacha, Cúiseanna Dianriachtanacha Leasa Phoiblí Sháraithe, Bearta Cúiteacha, Comhleanúnachas Foriomlán, Tuairim an Choimisiúin (An Coimisiún Eorpach, 2007);
- Ráitis Tionchair Natura Mhuirí i Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta Éireannacha. Doiciméad Oibre (An Roinn Ealaíon, Oidhreachta agus Gaeltachta, 2012); agus
- Suíomhanna Natura 2000 a bhainistiú: Forálacha Airteagal (6) den Treoir maidir le 'Gnáthóga' 92/43/CEE (An Coimisiún Eorpach, 2018).

Baineadh úsáid as na himlitreacha seo a leanas freisin:


- MC faoi Airteagal (6) den Treoir maidir le Gnáthóga: Treoir d'Údaráis Phleanála. Imlitir SPNF 1/10 agus PSSP 2/10 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2010b);
- MC Pleananna Talamhúsáide. Imlitir MST 1/08 agus SPNF 1/08 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008a);
- Dálaí Comhlíontachta i ndáil le Forbairtí a cheanglaíonn (1) Measúnú Tionchair Timpeallachta (MTT); nó (2) a bhfuil tionchair phoitéinsiúla acu ar shuíomhanna Natura 2000. Imlitir PD 2/07 agus SPNF 1/07 An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007a);
- Treoir maidir le Rialachán 23 den Treoir maidir le Gnáthóga a Chomhlíonadh. Imlitir SPNF 2/07 agus (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2007b); agus
- Infheistíocht i Seirbhísí Uisce agus Cláir Uisce Thuaithe – Cosaint na hOidhreachta Nádúrtha agus na Séadchomharthaí Náisiúnta. Imlitir L8/08 (An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil, 2008b).

3.4 Treoirphrionsabail agus Cásdlí

Tá roinnt cásanna curtha faoi bhráid na gcúirteanna náisiúnta agus Eorpacha araon i ndáil leis an bpróiseas MC. Foilsíodh treoir roinne Éireannach (An Roinn Comhshaoil, Oidhreacht agus Rialtais Áitiúil, 2010a) i ndáil le MC breis is 10 mbliana ó shin. Dá réir sin, ghlac cásdlí le déanaí, in go leor cásanna, ionad na treorach seo. Tá treoir ó ORP (2021) foilsithe le déanaí maidir le Scagadh MC agus tá sí breithnithe sa mheasúnú seo. Chomh maith leis sin, tá breithniú déanta ar chásdlí, rialuithe CBAE agus foilseacháin CE ábhartha, fad is a bhí an Scagadh MC do SFG á ullmhú.

3.5 Sainaitheint Suíomhanna Eorpacha

Cuimsítear i suíomhanna laistigh de Líonra Natura 2000, ar a dtugtar Suíomhanna Eorpacha, Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA). SACanna atá ainmnithe mar gheall ar a Leasanna Cáilitheacha (LC), Iarscríbhinn I maidir le gnáthóga agus Iarscríbhinn II maidir le speicis (seachas speicis éin) agus na gnáthóga a bhfuil siad ag brath orthu (lena n-áirítear nasc feidhmiúil). Tá SPAnna ainmnithe do Leas Caomhantais Speisialta (LCS) Iarscríbhinn I maidir le héin agus éin imirceacha agus a ngnáthóga.



Fíor 3-1. Léarscáil de limistéir staidéir Straitéis Fuíolluisce na Gaillimhe (SFG) agus na Suíomhanna Eorpacha mórthimpeall, lena n-áirítear Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta (SAC) agus Limistéir faoi Chosaint Speisialta (SPA).

Chun críocha na tuarascála seo, tá scagadh MC (sainithe i [Rannóg 3.1](#)) curtha i gcrích ar limistéir staidéir SFG (féach [Fíor 3-1](#) thuas) agus ar Chrios Tionchair (CT) na Straitéise trí úsáid a bhaint as samhail atá bunaithe ar Fhoinsé - Conair - Gabhdóir. Chomh fada is a bhaineann le suntas an chuardaigh d'anailís foinsé - conaire - gabhdóra, sonraítear an méid seo a leanas i dtreoir roinne na hÉireann:

"I láthair na huaire, moltar achar 15km i gcás pleananna, agus tá sé sin bunaithe ar threoir ón Ríocht Aontaithe (Wilson et al., 2006). Chomh fada is a bhaineann le tionscadail, d'fhéadfadh an t-achar a bheith i bhfad níos lú ná 15km, agus i gcásanna áirithe níos lú ná 100m, ach ní mór meastóireacht a dhéanamh air seo ar bhonn an cháis agus tagairt a dhéanamh do chineál, do mhéid agus do shuíomh an tionscadail, d'ógairachtaí na ngabhdóirí éiceolaíocha, agus don phoitéinseal a bhaineann le meascán éifeachtaí".

Lena chois sin, ní mór measúnú a dhéanamh ar an gcur chuige atá bunaithe ar Fhoinsé - Conair - Gabhdóir, maidir le sainaitheint idirghníomhaíochtaí, ina gcuimsítear conair éifeachta ar leith maidir le Suíomhanna, Speicis, a n-idirghníomhaíochtaí, agus a ngnáthóg nasctha go feidhmiúil agus thacaíochta, trí lionsa phrionsabal an réamhchúraim.

Ní mór go mbeadh an CT bunaithe ar fhianaise agus ar anailís iltosca ar thionchair i dteannta a chéile (lena n-áirítear le pleananna eile sainaitheanta sa MST gaolmhar).

I gcomhthéacs na tuarascála seo, tagraíonn an téarma 'nasc feidhmiúil' do ról nó 'd'fheidhm' a d'fhéadfadh a bheith ag talamh nó ag farraige thar teorainn suímh Eorpach i dtéamaí tacú go héiceolaíoch le daonraí lenar ainmníodh nó lenar aicmíodh an suíomh. Dá réir sin, tá a leithéid sin de thalamh 'nasctha' leis an suíomh Eorpach i gceist de bhrí go gcomhlíonann sé ról tábhachtach i ndáil leis an daonra LC a chothabháil nó a athchóiriú ag stádas caomhantais fabhrach.

3.5.1. Limistéir faoi Chaomhnú Speisialta

Clúdaíonn SACanna 58 cineál gnáthóige a aithnítear in larscríbhinn I den Treoir maidir le Gnáthóga, agus tá 16 ghnáthóg ainmnithe mar ghnáthóga "tosaíochta" mar gheall ar a leochaileacht éiceolaíoch (SNPF, 2019a). Cuimsítear i measc na ngnáthóg lena bhfuil SACanna ainmnithe lochanna, portaigh ardaithe, bratphortaigh, turlaigh, dumhcha gainimh, machairí, fraochmhánna, aibhneacha, coillearnacha, inbhir agus góilíní. Lena chois sin, aithnítear sa Treoir maidir le Gnáthóga 26 speiceas larscríbhinn II. Cuimsítear i measc cuid de na speicis lena bhfuil SACanna ainmnithe, ach gan a bheith teoranta do: bradán Atlantach (*Salmo salar*), dobharchú (*Lutra lutra*), crú-ialtóg bheag (*Rhinolophus hipposideros*), diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) agus raithneach Chill Airne (*Trichomanes speciosum*). Tá 441 SAC in Éirinn agus astu sin tá 358 uisce-spleách (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018c). Tacaíonn na SACanna seo le gnáthóga agus le speicis éagsúla atá spleách ar fhoinsí uisce éagsúla. Tá thart ar 800 dobharlach laistigh de shuíomhanna Eorpacha, iad ar fad ag tacú le gnáthóga agus le speicis uisce-spleácha. Tá líon brúnna suntasacha ar na dobharlaigh seo sainaitheanta (An Roinn Tithíochta, Pleanála agus Rialtais Áitiúil, 2018c), lena n-áirítear:

- Talmhaíocht;
- Brúnna hidreamoirfeolaíocha;
- Foraoiseacht;
- Fuíolluisce uirbeach;
- Brú antrapaigineach;
- Astarraingtí; agus
- Speicis ionracha.

As measc na mbrúnna thuasluaite, baineann ábharthacht ar leith le fuíolluisce uirbeach i gcomhthéacs SFG.

3.5.2. Limistéir faoi Chosaint Speisialta

Glactar le formhór na n-éan uisce geimhrithe agus na n-éan mara pórúcháin in Éirinn mar éin imirceacha choiteanna. Baineann breis is 60% den 25 speiceas liostaithe in Iarscríbhinn I atá le fáil go coitianta i bPoblacht na hÉireann anois le grúpa na n-éan mara pórúcháin agus na n-éan uisce geimhrithe. Bhí sé sin mar bhonn, i bpáirt, le formhór (> 80%) de SPAnna na hÉireann a bheith á n-ainmniú le haghaidh an dá ghrúpa éin sin.

Cuimsítear cuid de chriosanna idirthaoideacha muirí bána agus inbhear laistigh de SPAnna agus soláthraíonn siad acmhainní bia riachtanacha do roinnt speiceas lapaire geimhrithe, lena n-áirítear cnota (*Calidris canutus*), breacóg (*Calidris alpina*) agus guilbneach stríocearrach (*Limosa lapponica*). San áireamh sa líonra SPA freisin tá uiscí muirí taobh le coilíneachtaí éan mara pórúcháin agus limistéir thábhachtach eile do lómaí, lachain mhara agus foithigh.

Ar deireadh, tá roinnt suíomhanna bogaigh intíre agus limistéir de bhratphortaigh agus de ghnáthóga ardtalaimh ainmnithe mar SPAnna d'éin uisce gheimhrithe. Soláthraíonn na suíomhanna sin limistéir phórúcháin agus fhoráiste thábhachtacha do roinnt speicis eile lena n-áirítear meirliún (*Falco columbarius*) agus feadóg bhuí (*Pluvialis apricaria*). Tá ionadaíocht déanta ar thalamh talmhaíochta laistigh den líonra SPA freisin lena n-áirítear an talamh feirme fairsing atá le fáil ar na hardtailte áit a dtairgeann fáлта sceach, féarach fliuch agus scrobarnach deiseanna beathaithe agus/nó pórúcháin do chromán na gcearc (*Circus cyaneus*) ar thalamh cósta dianfheirmeoireachta áit a mbíonn líon ealaí agus géanna a mbaineann tábhacht idirnáisiúnta leo ar fáil.

3.5.3. Spriocanna Caomhnaithe

Is é aidhm fhoriomlán na Treorach maidir le Gnáthóga stádas caomhantais fabhrach gnáthóg luaite in Iarscríbhinn agus speicis lena mbaineann leas pobail luaite in Iarscríbhinn a chothabháil nó a athchóiriú, a bhfuil SAC nó SPA ainmnithe lena n-aghaidh. Tá na cuspóirí caomhantais (CCanna) do shuíomh Eorpach leagtha amach chun a chinntiú go bhfuil LCanna/LCSanna an tsuímh sin á gcothabháil nó á n-athchóiriú chuig dáil chaomhantais fhabhrach. Cabhraíonn cothabháil dála caomhantais fhabhraigh gnáthóg agus speicis ag leibhéal suímh le cothabháil nó le hathchóiriú stádas caomhantais fabhrach na ngnáthóg agus na speiceas ag leibhéal náisiúnta agus i ndeireadh na dála ag leibhéal líon an tsuímh Eorpaigh.

Tá achoimrithe suímh mionsonraithe do gach suíomh Eorpach le fáil ó shuíomh gréasáin SPNF³. Maidir leis na sonraí Suímh uile a cuireadh ar fáil, fuarthas rochtain ar na hachóimrithe is déanaí, na cuspóirí caomhantais agus an fhaisnéis tagartha ag SPNF nuair a bhí an tuarascáil seo á hullmhú. Tá an fhaisnéis sin giorraithe agus arna léamh trí úsáid a bhaint as breithiúnas gairmiúil.

In Éirinn tá CCanna 'cineálacha' ullmhaithe do gach suíomh Eorpach, agus tá CCanna 'suíomhshonracha' ullmhaithe i gcomhair roinnt suíomhanna aonair chun cuntas a dhéanamh ar LCanna/LCSanna an tsuímh sin. Tá sé mar aidhm leis na CCanna cineálacha agus suíomhshonracha ceanglais na dála caomhantais fhabhraigh do ghnáthóga agus do speicis ag leibhéal suímh a shainiú. Cuimsítear i CCanna cineálacha, atá forbartha ag SPNF, spiorad na CCanna sonracha i gcomhthéacs na dála caomhantais fhabhraigh a chothabháil agus a athchóiriú mar seo a leanas:

- Do SAC: “Dáil chaomhantais fhabhraigh na ngnáthóg in Iarscríbhinn I agus/nó na speiceas in Iarscríbhinn II a bhfuil an SAC roghnaithe lena n-aghaidh a chothabháil nó a athchóiriú”.
- Do SPA: “Dáil chaomhantais fhabhraigh an speicis éin liostaithe mar Leasanna Caomhantais Speisialta don SPA a chothabháil nó a chaomhnú”.

³ <https://www.npws.ie/protected-sites> (accessed April 2024)

Ina dhiaidh sin, baintear amach stádas caomhantais fhabhraigh (nó dáil, ag leibhéal suímh) gnáthóige sna cásanna seo a leanas:

- Tá a raon nádúrtha, agus an limistéar a chlúdaíonn sé laistigh den raon sin, cobhsaí nó ag méadú;
- Tá an struchtúr agus na feidhmeanna sonracha atá riachtanach dá cothabháil fhadtéarmach ar fáil agus tá an chuma ar an scéal go mbeidh siad ar fáil go ceann i bhfad; agus
- Tá stádas caomhantais an ghnáthspeicis “fabhrach”.

Baintear amach stádas caomhantais fhabhraigh (nó dáil, ag leibhéal suímh) speicis sna cásanna seo a leanas:

- Is léir ó shonraí dinimice daonra maidir leis an speiceas ábhartha go bhfuil sé á chothabháil ar bhonn fadtéarmach mar chomhpháirt inmharthana dá gnáthóga nádúrtha; agus
- Níl raon nádúrtha an speicis á laghdú ná níl an chuma ar an scéal go mbeidh sé á laghdú go ceann i bhfad, agus tá, agus gach seans go mbeidh, gnáthóg sách mór ann chun freastal ar a dhaonraí ar bhonn fadtéarmach.

4. Scagadh

4.1 Scagadh

Bhí an Scagadh seo do MC bunaithe ar thaighde deisce ar gach faisnéis timpeallachta ábhartha agus bhí na céimeanna seo a leanas san áireamh (bunaithe go ginearálta ar (An Coimisiún Eorpach, 2021)):

- Cinneadh cibé acu atá nó nach bhfuil an Plean beartaithe nasctha go díreach le nó atá riachtanach do bhainistíocht an tsuímh;
- Cur síos ar an bPlean atá beartaithe;
- Sainaithint an tsuímh Eorpaigh/na suíomhanna Eorpacha ábhartha:
- Measúnú ar na héifeachtaí suntasacha dóchúla (ÉSDanna) ar shuíomhanna Eorpacha; agus
- Conclúid scagtha.

4.2 An bhfuil SFG díolmhaithe ó mheasúnú?

Níl nasc díreach ag SFG le nó níl sí riachtanach chun suíomh Eorpach a bhainistiú agus, dá bhrí sin, níl sí díolmhaithe ó mheasúnú.

4.3 Cur Síos ar SFG

Tá forléargas ar SFG, lena n-áirítear cúlra agus comhthéacs, le fáil i rannóg 1 agus i rannóg 2 den tuarascáil seo.

4.4 Sainaithint Suíomhanna Eorpacha laistigh de SFG

Mar a pléadh i rannóg 3, ar dtús breithníodh go raibh gach suíomh Eorpach laistigh de limistéar SFG agus suíomhanna Eorpacha a raibh conairí éifeachtach poitéinsiúla acu a bhí lonnaithe lasmuigh de SFG, laistigh de CT SFG, dá bhrí sin, breithneofar ÉSDanna poitéinsiúla ar na cuspóirí caomhantais le haghaidh na suíomhanna sin. **Déantar cur síos i Rannóg 4.6** ar na suíomhanna Eorpacha a bhreithnítear atá laistigh de CT chonair phoitéinsiúil amháin SFG ar a laghad agus, dá réir sin, déanfar tuilleadh breithnithe ar an gconair sin sa mheasúnú.

Tá croílimistéar SFG le fáil i gCeantar Cathrach na Gaillimhe (CCG) agus síneann sé chomh fada leis an gceantar mórthimpeall. Tá limistéar SFG agus limistéar na suíomhanna Eorpacha á dtaispeáint i **Fíor 3-1**. Tá an croílimistéar staidéir suite laistigh de Chontae na Gaillimhe, ach síneann fo-dhobharcheantar sruthchúrsaí agus dotharlach thar theorainn an chontae. Tá nasc hidreolaíoch díreach ag suíomhanna a roinneann fo-dhobharcheantar le staidéar SFG agus dá bhrí sin, measadh go bhfuil siad laistigh de CT SFG. Chun críocha mheasúnú Chéim 1 tá nasc hidreolaíocha á mbreithniú agus tá aird á tarraingt ar dhobharlaigh, bána agus aibhneacha a roinneann fo-dhobharcheantar nó dlúthnasc tríd an bhfarraige. Trí thagairt a dhéanamh do phrionsabal an réamhchúraim d'fhéadfaí tuilleadh nasc a chur san áireamh, rud a chiallaíonn go bhfuil roinnt suíomhanna atá lasmuigh de na nasc dotharcheantair sainaitheanta freisin agus go bhfuil réasúnaíocht curtha ar fáil, cosúil le díláithriú poitéinsiúil éan chuig SPAnna malartacha nó talamh feidhmiúil a chailleadh, mar atá sonraithe i **Rannóg 3.5**, nó sa chás go mbeadh tionchar ag a leithéid ar cháilíocht an aeir nó ar acmhainní screamhuisce. Tá tuilleadh sonraí le fáil sna táblaí idir **Aguisín A** agus **Aguisín C**.

Tá eolas maidir le gach suíomh Eorpach a breithníodh in CT an SFG, lena n-áirítear achair ó limistéar SFG, na LCanna agus sonraí maidir le bagairtí agus brúnna atá luaite leis na suíomhanna sin le fáil in **Aguisín C**.

4.5 Measúnú ar Éifeachtaí Suntasacha Dóchúla (ÉSDanna)

Sainnithneofar i modheolaíocht SFG roghanna oiriúnacha do na limistéir ábhartha ar fud limistéar SFG. D'fhéadfadh na cineálacha roghanna a eascraíonn as an SFG a bheith mar bhonn ÉSDanna ar shuíomhanna Eorpacha gan mhaolú. Dá réir sin, tá an measúnú seo dírithe ar mheasúnú ardleibhéil ar ÉSDanna poitéinsiúla na gcineálacha roghanna bainistíochta seo.

Nuair a bhíonn measúnú á dhéanamh ar SFG, cuirtear an tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir' i bhfeidhm agus breithnítear gach conair tionchair phoitéinsiúil a nascann gnéithe de SFG le suíomhanna Eorpacha i bhfianaise a gculpóirí caomhantais.

Is uirlis chaighdeánach í an tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir' a úsáidtear i measúnú comhshaoil chun conairí tionchair poitéinsiúla a shainaithint agus a mheas. Ionas go dtarlóidh éifeacht, ní mór go mbeadh na trí ghné den sásra seo bunaithe. Ciallaíonn neamhláithreacht nó baint ceann de na gnéithe den chonair nach bhfuil aon dóchúlacht ann go dtarlóidh an éifeacht (e.g. níl aon phoitéinseal luaite le ÉSDanna).

Tá an tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir' dírithe díreach ar na LCanna lena bhfuil suíomhanna Eorpacha ainmnithe de réir na gculpóirí caomhantais is déanaí atá sonraithe ar shuíomh gréasáin SPNF⁴.

Mínítear i **Tábla 4-1** thíos an tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir', na criosanna tionchair agus íogaireacht LCanna do gach conair tionchair phoitéinsiúil a úsáidtear sa mheasúnú. Ba cheart a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir nach mbeadh aon éifeacht ag cuid de na roghanna ar shuíomhanna Eorpacha, agus go mb'fhéidir go mbeadh tionchair thairbhiúla ag cuid eile acu ar shuíomhanna Eorpacha, mar shampla roghanna a bhfuil sé mar aidhm leo cáilíocht fhoriomlán an uisce a fheabhsú. D'fhéadfadh cur chun feidhme SFG a bheith mar bhonn le bearta a bhféadfadh éifeachtaí poitéinsiúla éagsúla a bheith acu, áfach.

Tábla 4-1 Foinsí agus conairí éifeachta poitéinsiúla roghanna a eascraíonn as SFG maidir le leasanna cáilitheacha (gabhdóirí) suíomhanna Eorpacha.

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchair (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
Cailteanas gnáthóige – buan	D'fhéadfadh soláthar bonneagair nua nó cailteanas buan gnáthóige mar thoradh ar an bplean a bheith mar bhonn le cailteanas díreach ghnáthóg LC nó gnáthóige a thacaíonn le speicis LC ag suíomh Eorpach, nó talamh atá nasctha go feidhmiúil le speicis LC shoghluaiste lasmuigh de	Rinne an CT measúnú laistigh den lorg reatha limistéar SFG agus limistéir atá nasctha go feidhmiúil agus breithníodh speicis LC ábhartha.	Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.

⁴ <https://www.npws.ie/protected-sites/conservation-management-planning/conservation-objectives>

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchair (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
	theorainneacha suíomhanna Eorpacha.		
Cailteanas gnáthóige - sealadach	D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála lena n-áirítear limistéir oibre agus bealaí rochtana sealadacha an phlean a bheith mar bhonn le cailteanas sealadach gnáthóg roimh a n-athchóiriú i ndiaidh na n-oibreacha tógála, a bhféadfadh tionchar a bheith acu ar ghnáthóg LC nó ar ghnáthóg tacaíochta speiceas LC ag suíomh Eorpach, nó ar thalamh atá nasctha go feidhmiúil a bhaineann le speiceas LC soghluaiste lasmuigh de theorainneacha suíomhanna Eorpacha.	Rinne an CT measúnú laistigh den lorg reatha limistéar SFG agus limistéir atá nasctha go feidhmiúil agus breithníodh speicis LC ábhartha.	<p>Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe.</p> <p>Tá gnáthóga tacaíochta de speiceas LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe.</p> <p>Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.</p>
Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar cháilíocht an uisce	D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála agus athruithe ar thrácht oibriúcháin / draenáil olaí, ceimiceáin, trom-mhiotal, siolta etc. a scaoileadh. D'fhéadfadh tionchar díreach a bheith aige sin ar speiceas nó ar ghnáthóga LC nó tionchar indíreach a imirt orthu trí speiceas creiche uisceach a bheith á gcailleadh, nó trí athruithe ar a ngnáthóga	Déantar measúnú ar an CT laistigh de lorg na Scéime Beartaithe nó laistigh de na limistéir atá nasctha go hidreolaíoch (a mhéid is a bheadh éifeachtaí do-airithe cosúil le sa chás go ndéanann sruthchúrsa teagmháil le farraige oscailte) Féadfaidh truailléáin taisteal feadh nasc hidreolaíoch cosúil le	<p>Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe.</p> <p>Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe.</p> <p>Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.</p>

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchar (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
		sruthchúrsaí, achar fada ó oibreacha.	
Díghrádúchán gnáthóige – athruithe hidreolaíocha	D'fhéadfadh struchtúir shrutha nó athruithe ar dhraenáil i gcomparáid leis an bplean a bheith mar bhonn le hathruithe ar hidreolaíocht, a d'fhéadfadh toirteanna agus sreafaí uisce a athrú, a d'fhéadfadh fliche gnáthóg a athrú nó a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le creimeadh nó le sil-leagan ábhar. D'fhéadfadh tionchar a bheith ag a leithéid sin d'athruithe ar ghnáthóga LC nó ar ghnáthóga tacaíochta agus ar ghnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de chuid speiceas LC.	Tá an CT a ndearnadh measúnú air laistigh de na dobharcheantair uisce dromchla a bhfuil lorg an phlean laistigh díobh. D'fhéadfadh athruithe uisce dromchla tarlú laistigh de dhobharcheantair de réir mar a bhíonn tionchar ag athruithe i suíomh amháin ar shuíomhanna eile trí shruthchúrsaí mar shampla.	Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.
Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidrigeolaíoch a	D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála cosúil le hoibreacha ullmhúcháin, tochailtí agus athruithe buana ar dhraenáil a bheith mar bhonn le hathruithe ar thoirteanna agus ar shreafaí screamhuisce, a d'fhéadfadh hidrigeolaíocht ghnáthóga LC agus gnáthóg tacaíochta nó gnáthóg atá nasctha go feidhmiúil a bhaineann le speiceas LC a athrú.	Tá an CT a ndearnadh measúnú air laistigh de dhobharcheantair screamhuisce a bhfuil lorg an tionscadail laistigh díobh. D'fhéadfadh athruithe screamhuisce tarlú laistigh de dhobharcheantair de réir mar a bhíonn tionchar ag athruithe i	Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchair (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
		suíomh amháin ar shuíomhanna eile.	
Díghrádúchán gnáthóige – athruithe ar cháilíocht an aeir	Astaíonn sceithphíopaí gléasra agus feithiclí tógála truaileáin a d'fhéadfadh ábhar a shil-leagan ar ghnáthóga LC, a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le tocsain dhíreach.	Tá an CT a ndearnadh measúnú air laistigh de 200m de lorg an phlean. Síltear go dtarlaíonn sil-leagan truaileáin ó feithiclí ag méideanna neamhshuntasach a níos faide ná 200m ón bhfoinse.	Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.
Díghrádúchán gnáthóige – leathadh speiceas ionrach	D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála a bheith mar bhonn le leathadh speiceas ionrach atá le fáil laistigh den láithreán tógála cheana féin (trí iad a aistriú ar ghléasra nó laistigh d'ábhair a bhogtar le linn oibreacha ullmhúcháin), nó trí ábhair a iompórtáil ó lasmuigh den láithreán (ar rothaí gléasra nó feithiclí seachadta, etc). D'fhéadfadh sé sin a bheith mar bhonn le díghrádúchán ghnáthóga LC nó gnáthóg tacaíochta agus gnáthóg atá nasctha go feidhmiúil de chuid speiceas LC	Tá an CT a ndearnadh measúnú air laistigh de lorg na Scéime Beartaithe. D'fhéadfadh leathadh nó iompórtáil speiceas ionrach tarlú laistigh den láithreán tógála.	Tá gnáthóga LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga tacaíochta speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe. Tá gnáthóga atá nasctha go feidhmiúil de speicis LC íogair sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.
Suaitheadh speiceas	D'fhéadfadh gníomhaíochtaí tógála	Tá an CT a ndearnadh	Tá speicis LC íogair laistigh de theorainn a suíomh ainmnithe

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchair (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
	<p>a bheith mar bhonn le suaitheadh speicis LC trí athruithe ar thorann, tonnchrith, gluaiseacht (daoine agus/nó feithiclí) agus soilsiú. D'fhéadfadh suaitheadh a bheith mar bhonn le suíomhanna pórucháin, foráiste nó scíthe a bheith á dtréigean ag speicis LC, rud a d'fhéadfadh a bheith mar bhonn le caiteachas fuinnimh níos airde, aclaíocht laghdaithe agus éagumas chun céimeanna den saolré a chur i gcrích.</p>	<p>measúnú air laistigh de lorg na Scéime Beartaithe nó laistigh de 300m d'oibreacha tógála nó d'oibriú an phlean. Glactar le 300m mar achar oiriúnach chun measúnú a dhéanamh ar shuaitheadh de bhrí nach dócha go gcuirfear isteach go suntasach ar speicis LC atá lonnaithe in áiteanna níos faide ná an t-achar sin.</p>	<p>(i ngnáthóg tacaíochta) nó laistigh de ghnáthóga atá nasctha go feidhmiúil sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.</p>
Mortlaíocht	<p>D'fhéadfadh mortlaíocht grúpaí aonair de speicis LC tarlú go díreach trí mharú a bhfuil oibreacha tógála freagrach as nó go hindíreach mar thoradh ar thruailliú a bheith ag dul isteach sa sruthchúrsa</p>	<p>Tá an CT a ndearnadh measúnú air laistigh de lorg na Scéime Beartaithe, laistigh de 50m ó thrasbhealaí sruthchúrsa a bheidh faoi réir oibreacha. D'fhéadfadh mortlaíocht dhíreach ó ghníomhaíochtaí tógála tarlú laistigh den lorg tógála. D'fhéadfadh mortlaíocht indíreach tarlú in aice le hoibreacha ag sruthchúrsaí a scriosann bealaí</p>	<p>Tá speicis LC íogair laistigh de theorainn a suímh ainmnithe (i ngnáthóg tacaíochta) nó laistigh de ghnáthóga atá nasctha go feidhmiúil sa chás go bhfuil gnáthóg oiriúnach le fáil laistigh de raon an speicis LC óna suíomh ainmnithe.</p>

Ainm na conaire	An tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir'	Crios Tionchair (CT)	Fairsinge íogaireachta gabhdóirí
		comaitéireachta speiceas	

4.6 Sainithint na suíomhanna Eorpacha agus LCanna ábhartha

Nuair a cuireadh an tsamhail 'foinse-conair-gabhdóir' i bhfeidhm breithníodh gach conair tionchair phoitéinsiúil a nascann gnéithe de SFG le suíomhanna Eorpacha i bhfianaise a gCuspóirí Caomhantais.

Sa mheasúnú seo a leanas cuimsítear suíomhanna Eorpacha a bhfuil nasc feidhmiúil díreach acu le limistéar SFG. Tá tuilleadh sonraí le fáil in **Aguisín C** maidir le nasc hidreolaíoch do gach suíomh. Rinneadh cinneadh maidir leis na suíomhanna Eorpacha sin ar dócha go mbeidh siad faoi réir ÉSDanna in éagmais éifeacht agus/nó maolú a bheith á seachaint. Tá 9 SAC agus 3 SPA i gceist anseo:

- Tá **SAC Choimpléasc Bhaile Uí Bheacháin-Pholl Salach** suite thart ar 10.4km ó limistéar staidéir SFG, agus scartha ag an bhfarraige trasna ó Chuan na Gaillimhe agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do speicis, do ghnéithe agus do ghnáthóga uisce-spleácha. Tá nasct hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, ní féidir éifeachtaí suntasacha dóchúla ar ghnéithe uisce-spleácha a chur as an áireamh gan tuilleadh staidéar a dhéanamh. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:

- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce

LCanna scagtha in:

- Pluaiseanna mara atá báite nó leathbháite – spleách ar cháilíocht uisce agus ar chothromaíocht cothaitheach den chéad scoth. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD mar thoradh ar oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála, a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Sceireacha - spleáchas ar cháilíocht uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sna limistéir idirthaoideacha agus fhothaoimheara. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD mar thoradh ar oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála, a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

- **Tá SAC Choimpléasc Portach Chonamara** suite thart ar 1.6km ó limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do ghnáthóga uisceacha agus do speicis uisce-spleácha, lena n-áirítear an bradán Atlantach (*Salmo salar*) agus an dobharchú (*Lutra lutra*). Tá nasct hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, ní féidir éifeachtaí suntasacha dóchúla ar ghnéithe uisce-spleácha a chur as an áireamh gan tuilleadh staidéar a dhéanamh. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:

- Caillteanas gnáthóige - buan
- Caillteanas gnáthóige - sealadach
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in:

- Murlaigh chósta – íogair do ghníomhaíochtaí antrapaigineacha, lena n-áirítear draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an aeir/an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Sceireacha - spleáchas ar cháilíocht uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sna limistéir idirthaoideacha agus fhothaoidmheara. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- An bradán Atlantach – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh ag an gcéim seo.
- An dobharchú – i measc na mbagairtí tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Uisce Bodhar Olagatrófach go dtí Uisce Bodhar Méiseatrófach - i measc na dtionchar d'fhéadfaí glacadh le tionchar díreach, rith chun srutha tógála isteach i ndobharlaigh agus athrú ag an

leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Lochanna Diostrófacha - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Fásra Snámhach Abhann - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Fraochmhá Fhliuch - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Fraochmhá Thirim - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Móinéir Fhionnain - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Bratphortaigh (Gníomhach) - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Idirbhogaigh - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Fásra Rhynchosporion - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Seascainn Alcaileacha - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Seancoillearnach Darach - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Fritileán Réisc (*Euphydryas aurinia*) - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
 - Síofróg Uisce (*Najas flexilis*) - tionchair mar gheall ar athruithe ar cháilíocht an aeir agus an uisce, go hindíreach trí oibreacha tógála.
- **Tá cuid de SPA Riasc Chreig Eanaigh** suite laistigh de limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach don ghé bhánéadanach Ghraonlannach (*Anser albifrons flavirostris*). Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Caillteanas gnáthóige - buan

- Caillteanas gnáthóige - sealadach
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidreolaíocha
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidrigeolaíocha
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in:

- An ghé bhánéadanach Ghraonlannach – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

- **Tá cuid de SAC Choimpléasc Chuan na Gaillimhe** suite laistigh de limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do ghnáthóga uisceacha agus do speicis uisce-spleácha, lena n-áirítear an rón beag (*Phoca vitulina*) agus an dobharchú. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:

- Caillteanas gnáthóige - buan
- Caillteanas gnáthóige - sealadach
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in:

- Réileáin láibe thaoidmheara agus réileáin ghainimh - spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Murlaigh chósta - spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir

sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Góilíní agus bána éadoimhne móra – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Sceireacha – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Fásra ilbhliantúil bruach clochach – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Muirailte fásmhara chósta an Atlantaigh agus an chósta Bhailtigh – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Láib *Salicornia* – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Móinéir shalainn Atlantacha – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Móinéir shalainn Mheánmhara – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Turlaigh – spleáchas ar cháilíocht an uisce, cothromaíocht cothaitheach agus solas lonrach ar ardchaighdeán atá oiriúnach don fhlóra agus don fhána a bhíonn le fáil sa limistéar idirthaoidmhear agus fothaoidmhear. I measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, draenáil agus míntíriú talún agus rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Scrobarnach aiteil – i measc na dtionchar díreach a d'fhéadfadh a bheith ann tá caillteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Féarach cailcreach ar a bhfuil neart magairlíne ag fás – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá caillteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Eanaigh *Cladium* – i measc na dtionchar poitéinsiúil d'fhéadfadh tionchair dhíreacha a bheith le tabhairt faoi dara cosúil le caillteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de

limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Eanaigh alcaileacha – i measc na dtionchar poitéinsiúil a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailleanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
 - Pábháil aolchloiche – i measc na dtionchar poitéinsiúil d'fhéadfadh tionchair dhíreacha a bheith le tabhairt faoi deara cosúil le cailleanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
 - An dobharchú – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
 - Rón beag (cuain) seal – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Tá **SAC Phábháil Aolchloiche Ghort na nDarach** suite thart ar 5.8km ó limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar phábháil aolchloiche. Tá nasct hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, ní féidir éifeachtaí suntasacha dóchúla ar ghnéithe uisce-spleácha a chur as an áireamh gan tuilleadh staidéar a dhéanamh. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidrigeolaíocha

LCanna scagtha in:

- Pábháil aolchloiche– i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchar díreach, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Tá cuid de **SPA Chuan na Gaillimhe Laistigh** suite laistigh de limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar ina bhfuil speicis uisce-spleácha. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:

- Caillteanas gnáthóige - buan
- Caillteanas gnáthóige - sealadach
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in*:

- Lóma artach (*Gavia arctica*)
- Lóma mór (*Gavia Immer*)
- Fiach mara (*Phalacrocorax carbo*)
- Síle na bportach (*Ardea cinerea*)
- Cadhan (*Branta bernicla hrota*)
- Rualacha (*Anas penelope*)
- Praslacha (*Anas crecca*)
- Síolta rua (*Mergus serrator*)
- Feadóg an fháinne (*Charadrius hiaticula*)
- Feadóg shléibhe
- Pilibín (*Vanellus vanellus*)
- Circín trá (*Calidris alpina*)
- Guilbneach stríocearrach (*Limosa lapponica*)
- Crotach (*Numenius Arquata*)
- Laidhrín trá (*Tringa tetanus*)
- Piardálaí trá (*Arenaria interpres*)
- Sléibhín (*Chroicocephalus ridibundus*)
- Faoileán bán (*Larus canus*)
- Geabhróg scothdhubh (*Sterna sandvicensis*)
- Scréachóg thrá (*Sterna hirundo*)

* I measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

- Tá cuid de **SAC Loch Coirib** suite laistigh de limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do ghnáthóga uisceacha agus do speicis uisce-spleácha, lena n-áirítear an diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) agus an loimpre mhara (*Petromyzon marinus*). Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Caillteanas gnáthóige - buan
 - Caillteanas gnáthóige - sealadach
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidreolaíocha
 - Díghrádúchán gnáthóige – athruithe hidrigeolaíocha
 - Suaitheadh speiceas
 - Mortlaíocht

LCanna scagtha in:

- Uiscí olagatrófacha ina bhfuil líon beag mianraí – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchar díreach, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Uiscí bodhra olagatrófacha go méiseatrófacha – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchar díreach, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Lochanna uisce chrua – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchar díreach, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Fásra snámhach abhann – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le caillteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i

ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Féarach cailcreach ar a bhfuil neart magairlíne ag fás – d'fhéadfadh tionchair dhíreacha a bheith i measc na dtionchar lena n-áirítear cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Móinéir *Molini* – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Portach ardaithe (gníomhach) – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith le tabhairt faoi deara tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Portach ardaithe díghrádaithe – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Fásra Rhynchosporion – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Eanaigh Cladium – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.

- Fuaráin chlochraithe – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchar díreach, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Eanaigh alcaileacha – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Pábháil aolchloiche – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Seanchoillearnach darach – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Coillearnach phortaigh – i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Diúilicín péarla fionnuisce (*Margaritifera margaritifera*) – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Piardóg liathbhán (*Austropotamobius pallipes*) – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

- Loimpre mhara (*Petromyzon marinus*) – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Loimpre shrutháin (*Lampetra planeri*) – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- An bradáin Atlantach – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Crú-ialtóg bheag – i measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- An dobharchú – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaithheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Síofróg uisce (*Najas flexilis*)– i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Caonach crúcach snasta (*Hamatocaulis vernicosus*)– i measc na dtionchar a d'fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le cailteanas/athrú gnáthóige, rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá cuid den suíomh seo laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, d'fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Tá cuid de **SPA Loch Coirib** suite laistigh de limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar ina bhfuil speicis uisce-spleácha. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Cailteanas gnáthóige - buan
 - Cailteanas gnáthóige - sealadach

- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in*:

- Gé bhánéadanach Ghraonlannach
- Gadual (*Anas strepera*)
- Spadalach (*Anus clypeat*)
- Póiseard (*Aythya ferina*)
- Lacha bhadánach (*Aythya fuligula*)
- Scótar (*Melanitta nigra*)
- Cromán na gcearc (*Circus cyaneus*)
- Cearc cheannann (*Fulica atra*)
- Feadóg shléibhe
- Sléibhín
- Faoileán bán
- Scréachóg thrá
- Geabhróg Artach (*Sterna paradisaea*)

* I measc na dtionchar tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá cuid den suíomh seo le fáil laistigh de limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

- **Tá SAC Shléibhte Mhám Toirc** suite thart ar 23.3km ó limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do ghnáthóga uisceacha agus do speicis uisce-spleácha. Tá nasc hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, ní féidir éifeachtaí suntasacha dóchúla ar ghnéithe uisce-spleácha a chur as an áireamh gan tuilleadh staidéar a dhéanamh. – Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
 - Díghrádúchán gnáthóige– athruithe hidreolaíocha
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidrigeolaíocha

LCanna scagtha in:

- An bradáin Atlantach – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá meath cháilíocht an uisce, athruithe hidreolaíocha agus hidrigeolaíocha i rith na céime tógála. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.
- Tá **SAC Phortach Mhuine Mheá** suite thart ar 4.6km ó limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach do ghnáthóga uisceacha agus do speicis uisce-spleácha. Tá nasct hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, ní féidir éifeachtaí suntasacha dóchúla ar ghnéithe uisce-spleácha a chur as an áireamh gan tuilleadh staidéar a dhéanamh. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidreolaíocha
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidrigeolaíocha

LCanna scagtha in:

- Portach ardaithe (gníomhach) – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchair indíreacha cosúil le rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Portach ardaithe díghrádaithe – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchair indíreacha cosúil le rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Fásra Rhynchosporion – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchair indíreacha cosúil le rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Tá **SAC Loch an Rois agus Choillte an Rosa** suite thart ar 1.7km ó limistéar staidéir SFG agus ainmnithe mar limistéar atá oiriúnach don chrú-ialtóg bheag agus do lochanna uisce chrua. Tá nasc hidreolaíoch idir an suíomh seo agus limistéar staidéir SFG, agus dá réir sin, d’fhéadfadh tionchar a bheith ag SFG ar an ngnáthóg foráiste agus ar cháilíocht an uisce. Tá an suíomh seo suite laistigh de CT(anna) le haghaidh:
 - Díghrádúchán gnáthóige - athruithe hidreolaíocha

- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an aeir
- Díghrádúchán gnáthóige - athruithe ar chaighdeán an uisce
- Suaitheadh speiceas
- Mortlaíocht

LCanna scagtha in:

- Lochanna uisce chrua – i measc na dtionchar a d’fhéadfadh a bheith ann tá tionchair dhíreacha cosúil le rith chun srutha tógála ag dul isteach i ndobharlaigh agus athruithe ar an leibhéal screamhuisce. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, d’fhéadfadh oibreacha draenála, lena n-áirítear athrú sreabhaidh agus meath cháilíocht an uisce i rith na céime tógála a bheith mar bhonn le ÉSD.
- Crú-ialtóg bheag – i measc na dtionchar poitéinsiúil tá athrú gnáthóige, meath cháilíocht an aeir/an uisce agus suaitheadh/riosca mortlaíochta i rith na céime tógála. Tá an suíomh seo nasctha go feidhmiúil le limistéar SFG; dá réir sin, ní féidir ÉSD a chur as an áireamh gan níos mó staidéar a dhéanamh.

Tá nasc hidreolaíoch díreach ag na 11 suíomh Eorpacha thuasluaite le limistéar staidéir SFG. In **Aguisín C** tá measúnú níos mionsonraithe le fáil ar na leasanna cáilitheacha agus ar na ÉSDanna poitéinsiúla le haghaidh na suíomhanna Eorpacha seo.

